Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 13 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10189/23**

**LIMITE**

**CORLX 553**
**CFSP/PESC 799**
**RELEX 682**
**COAFR 182**
**CONUN 140**
**COARM 135**
**FIN 594**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó. |

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó.**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 an 18 Iúil 2005 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó[1], agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

1 IO L 193, 23.7.2005, lch. 1.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Iúil 2005, ghlac an Chomhairle Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005.

(2) Tar éis bhreithiúnais ón gCúirt Ghinearálta i gcásanna T-93/22[1] agus T-94/22[2], ba cheart dhá iontráil a scriosadh ó liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

**1** Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 8 Márta 2023, Ramazani Shadary v an Chomhairle, T-93/22, ECLI:EU:T:2023:122.

**2** Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 8 Márta 2023, Mutondo v an Chomhairle, T-94/22, ECLI:EU:T:2023:120.



PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn Ia ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

# IARSCRÍBHINN

Scriostar na hiontrálacha seo a leanas ón liosta a leagtar amach i Roinn A ('Daoine') d'Iarscríbhinn Ia a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1183/2005:

'8. Emmanuel Ramazani SHADARY;

9. Kalev MUTONDO.'

PUBLIC